

## Brollach

Mar Aire atá freagrach as oidhreacht thógtha na hÉireann a chosaint, cuirim fáilte mhór roimh an gCód Cleachtais seo idir mo roinnse agus an Ghníomhaireacht um Fháil Iarnród (RPA). Léiriú is ea an Cód seo ar an tacaíocht a thugann an RPA do chosaint agus caomhnú ár n-oidhreachta seandálaíochta.

Is í an RPA an ghníomhaireacht atá freagrach as tionscadal bonneagair an Iarnróid Sráide agus Metro a chur i bhfeidhm. Cuid ríthábhachtach den iarracht leanúnach atá á déanamh againn chun patrúin agus modhanna forbartha níos inbhuanaithe a aimsiú is ea bonneagar iarnróid ar ardchaighdeán a sholáthar mar thaca do chóras iompair phoiblí iontaofa agus éifeachtúil. Is fíor é seo, go mórmhór i gcás ár gcathracha agus ár mbailte móra, a bhfuil brú tráchta dona iontu de bharr an mhéadaithe mhóir atá tagtha ar an líon daoine a bhfuil a gcarr féin acu. Mura n-éiríonn linn freagra cuimsitheach a thabhairt ar an bhfadhb seo, gach seans go mbeidh ár rathúnas eacnamúil thíos leis amach anseo. Tá an Rialtas tar éis clár cuimsitheach, 'Transport 21', a sheoladh d'fhonn bonneagar iompair a fhorbairt don 21ú haois. Ag an am céanna, caithfear a aithint gur féidir impleachtaí móra ó thaobh cúrsaí seandálaíochta a bheith ann, de bharr infheistíochta móire i mbonneagar an iompair, impleachtaí nach mór tabhairt fúthu. Tugann an Cód seo deis dúinn tabhairt faoi na himpleachtaí seo ar bhealach struchtúrtha agus dearfach.

Ábhar sásaimh dom an cur chuige rídhearfach a ghlac an RPA ó thaobh chosaint agus chaomhnú na seandálaíochta de ina cláir infheistíochta go dtí seo agus fáiltím roimh a rannphháirtíocht sa Chód seo. Creidim féin go n-éireofar le haidhmeanna an Chóid a bhaint amach má chothaítear spiorad comhpháirtíochta agus comh-mhuiníne. Tá mo roinnse ag súil go mór le leanúint ar aghaidh ag obair ar bhealach cuiditheach as lámha a chéile leis an RPA sna blianta atá romhainn chun leasa an dá eagraíochta, agus, níos tábhachtaí fós, chun leasa an phobail a thaistilíonn, agus chun cinntiú go mbeidh ár gcórais nua iompair i bhfeidhm a luaithe agus is féidir.

Dick Roche TD
*An tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil*
*Eanair 2007*



## Teachtaireacht ó Phríomh Fheidhmeannach, RPA

Ceapadh na tionscadail iarnróid sráide agus metro a bhfuil sainordú faighte ag RPA lena bhfeidhmiú chun cáilíocht bheatha lucht chónaithe agus pobal i gceantair uirbigh a fheabhsú. Glactar leis go forleathan gur gá ár spleáchas ar an gcarr príobháideach a laghdú más fúinn forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn sna cathracha, agus chuige seo, gur gá tuilleadh infheistíochta i scéimeanna iompair ardchumais cosúil le Luas agus Metro. Na ceantair uirbeacha ar a mbeidh ár dtionscadail ag freastal ar feadh na nglún atá le teacht, is ceantair iad ar an mórgóir a bhfuil pobail ag cur fúthu iontu leis na céadta. Is mó seans mar sin go n-aithneofar agus go n-aimseofar láithreáin seandálaíochta iontu i rith phróiseas pleanála agus chur i bhfeidhm na dtionscadal. Agus muid ag pleanáil na dtionscadal, ba é an tuairim a ghlac RPA ná gur chóir ceisteanna seandálaíochta a chur san áireamh i rith gach thréimhse den obair forbartha - ó roghnú na mbealaí go dtí an obair tógála féin - seachas bheith ag súil nach n-aimseofaí aon láithreán seandálaíochta riamh ann. Gné lárnach de seo ná gur gá soláthar cuí a dhéanamh sna buiséid agus sna cláir feidhmithe d'iarsmaí seandálaíochta. Tá an cur chuige seo ag teacht go huile agus go hiomlán le cuspóirí RPA cáilíocht bheatha na bpobal ar a bhfreastalaíonn ár dtionscadail a fheabhsú agus cloí le sárchleachtais i ngach gné de bhainistíocht ár gcuid gníomhachtaí.

Agus muid ag iarraidh tionchar ár dtionscadal ar an oidhreacht seandálaíochta a íoslaghdú agus forbairt inbhuanaithe pobal a chur chun cinn trí bonneagar nua iarnróid a sholáthar agus a oibriú, tá faoin RPA:

- modheolaíocht chórasach a sholáthar leis an oidhreacht seandálaíochta a mheas agus a láimhseáil de réir mar a théann na tionscadail ar aghaidh, modheolaíocht a bheidh ag teacht le beartas an Rialtais faoi mar a leagtar amach é i *Framework and Principles for the Protection of the Archaeological Heritage* (Rialtas na hÉireann 1999).
- Eolas leordhóthanach a chur ar fáil le go mbeifear in ann cinntí oilte a dhéanamh i dtaca leis an obair forbartha a bheartaítear tabhairt fúithi.



Bhí taithí mhaith ag RPA ag obair as lámha a chéile leis an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil chun línte Dearga agus Uaine an chórais Luas a fheidhmiú agus chun ár dtionscadail nua a phleanáil. Tá muid ag súil go mór le tógáil ar an taithí dhearfach seo agus fáiltímid roimh an gCód Cleachtais seo dár mbeartas maidir le cosaint agus caomhnú cúrsaí seandálaíochta dár n-oidhreacht.

Frank Allen
*Príomh Fheidhmeannach RPA*

Cód Cleachtais

## Cód Cleachtais Arna Chomhaontú idir an Ghníomhaireacht um Fháil Iarnród agus an tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.

Is é is cuspóir don Chód seo ná creat a chur ar fáil de réir na reachtaíochta, na mbeartas agus na gcleachtas reatha a chuirfidh ar chumas na Gníomhaireachta um Fháil Iarnród (RPA) dul chun cinn lena clár oibre laistigh de bheartas iompair an Rialtais, agus maolú seandálaíochta cuí a chur i bhfeidhm de réir na bprionsabal agus na mbeart a bheidh á gcomhaontú idir an dá pháirtí.

### Tá an Cód bunaithe ar na prionsabail chomhaontaithe seo a leanas:

1. Tá sé de fhreagracht ar an Aire an oidhreacht seandálaíochta a chosaint agus cumhachtaí caomhnaithe faoi Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta, 1930-2004, a fheidhmiú, ag cur an Choinbhinsiún Eorpaigh um chosaint na hOidhreachta Seandálaíochta san áireamh.

2. Tá sé de fhreagracht ar an RPA cinntiú go soláthrófar gréasán iarnróid sráide agus metro a bheidh sábháilte agus éifeachtúil.

3. D'fhéadfaí go mbeadh impleachtaí móra ag a leithéid de ghréasán ó thaobh na seandálaíochta de, impleachtaí ar gá tabhairt fúthu ós rud é gur acmhainn neamh-inathnuaite í an oidhreacht seandálaíochta.



4. Maoineoidh an RPA cur chuige cothrom agus costéifeachtach ó thaobh taighde, tochailt agus maolú seandálaíochta de, mar bhunchuid de chostais na dtionscadal iarnróid sráide agus metro ar an bprionsabal gurb é an *forbróir a íocann* as agus de réir bheartas poiblí an Aire san ábhar seo.

5. Forbrófar straitéisí iomchuí chun tionchair dhíreacha ar an oidhreacht seandálaíochta a íoslaghdú, straitéisí a chuirfidh impleachtaí deartha agus sábháilteachta iarnróid sráide agus metro, agus tionchair agus costais timpeallachta, srl. san áireamh.

6. Glacadh le cur chuige bunaithe ar chomhpháirtíocht idir an RPA agus an tAire d'fhonn straitéis iompair an Rialtais a sheachadadh agus impleachtaí seandálaíochta a chur san áireamh ag an am céanna.

7. Is féidir an tionchar ar an oidhreacht seandálaíochta a íoslaghdú má dhéantar maolú a phleanáil a luaithe is féidir.

8. Beidh aon sirtheoireacht a dhéanfar do láithreáin seandálaíochta nó iarsmaí eile teoranta don cheantar atá á fhorbairt, seachas i gcúinsí eisceachtúla.

9. Tá sé de cheart ag an dá pháirtí cinntí a athbhreithniú.

10. Tá an dá pháirtí tiomanta do dhéileáil le himpleachtaí seandálaíochta na dtionscadal iarnróid sráide agus metro ar bhealach cothrom agus costéifeachtach trína mbeifear in ann:

    *(a) Cloí le hamscála na Gníomhaireachta maidir le tionscadail a thabhairt ón bpleanáil tosaigh go tús na tógála;*
    *(b) Tionscadail a chríochnú san amchlár a comhaontaíodh;*
    *(c) Láithreáin seandálaíochta a chaomhnú trína dtaifeadadh chun caighdeán a bheidh inghlactha don Aire.*

11. Oibreoidh an RPA agus an tAire as lámha a chéile ar thionscadail iarnróid sráide agus metro, le cinntiú, chomh fada agus is féidir agus faoi réir fáil a bheith acu ar thalamh, go ndéanfar an taighde seandálaíochta iomchuí i rith na tréimhse idir roghnú na mbealaí agus tús na hoibre tógála.

12. Aontaíonn an dá pháirtí go mbunófar meitheal le monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú an Chóid Chleachtais agus athbhreithniú foirmiúil a dhéanamh air laistigh de bhliain óna dháta glactha agus ag idirthréimhsí rialta as sin amach.

## Bearta Comhaontaithe

### An RPA:

1. Ceapfaidh an RPA nó cinnteoidh sí go gceapfar, seandálaí tionscadail a dhéanfaidh maoirseacht ar fheidhmiú na ngnéithe seandálaíochta a bhaineann le tionscadail iarnróid sráide agus metro (sainmhínítear ról an tseandálaithe tionscadail in Aguisín I; leagtar amach an gaol idir an seandálaí tionscadail agus an seandálaí comhairleach in Aguisín 11).

2. Cinnteoidh an RPA go mbeidh an seandálaí tionscadail ina bhall d'fhoireann deartha an tionscadail. Mar bhall d'fhoireann deartha an tionscadail, páirt i bhforbairt an chláir agus na straitéise tógala/soláthair don tionscadal, lena n-áirítear forbairt cháipéisíocht conarthaí i dtaca le bainistiú na seandálaíochta.

3. Tabharfaidh an RPA faoi thaighde sna chéad tréimhsí pleanála maidir le himpleachtaí seandálaíochta na dtionscadal iarnróid sráide agus metro d'fhonn tionchar a imirt ar roghnú na mbealaí. Cinnteoidh an RPA go dtabharfar an tábhacht iomchuí d'impleachtaí seandálaíochta nuair a bheidh an bealach is fearr á roghnú agus go bhféachfar leis an tionchar ar láithreáin seandálaíochta aitheanta nó ar cheantair ina nglactar leis go bhféadfadh acmhainn seandálaíochta bheith iontu, a íoslaghdú.

4. Cinnteoidh an RPA gur seandálaí le sárthaithí a dhéanfaidh an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag tionscadal iarnróid sráide agus metro ar an oidhreacht seandálaíochta a mheas.

5. Gabhfaidh an RPA i gcomhairle leis an Aire i rith an phróisis deartha ar fad.

6. Caomhnófar gach séadchomhartha aitheanta nó láithreán nó cuid de láithreán seandálaíochta trína thaifeadadh nuair nach féidir impleachtaí na hoibre tógála a sheachaint, de réir na modheolaíochtaí comhaontaithe, agus soláthrófar a dhóthain ama leis an taifeadadh a dhéanamh chun sástacht an Aire.

7. Cuirfidh an maoiniú ar gá ar fáil le riachtanais iarthochailte an Aire a chomhlíonadh, lena n-áirítear caomhnú nithe seandálaíochta, anailís eolaíoch agus dátú, mar aon le tuarascálacha maidir leis an obair seandálaíochta uile a rinneadh, chun sástacht an Aire.

## An tAire (trí Sheirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta sa Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil):

1. Tabharfaidh sé freagra tráthúil ar aighneachtaí ón Seandálaí Tionscadail agus ón Seandálaí Comhairleach.
2. Comhaontóidh sé critéir mheasúnaithe le haghaidh láithreáin seandálaíochta agus ceantair a d'fhéadfadh acmhainn seandálaíochta a bheith iontu a aithint, critéir a bheidh baint acu leis an méid taighde seandálaíochta a thabharfar faoi.
3. Eiseofar ceadúnais do thochailt seandálaíochta laistigh de 3 seachtaine ó dháta faighte an iarratais.
4. Eiseofar toilithe a theastaíonn faoi Mhír 14 d'Acht na Séadchomharthaí Náisiúnta 1930 arna leasú ag Mír 5 d'Acht na Séadchomharthaí Náisiúnta (Leasú) 2004, laistigh de 6 seachtaine ó dháta faighte an iarratais. (Nóta: Cuimsíonn Mir 14 gach obair a théann i bhfeidhm ar aon séadchomhartha náisiúnta, ní hamháin ar thochailt seandálaíochta).
5. Comhaontóidh sé leis an seandálaí tionscadail clár iomchuí um mhaolú seandálaíochta agus/nó trinseáil tástála agus córas tochailte, lena n-áirítear na hamscálaí a mholtar (a chuirfidh an seandálaí tionscadail i bhfeidhm faoi réir smacht agus mhonatóireacht ghinearálta na Roinne).
6. Comhaontóidh sé gur leor stiúrthóir amháin do thochailt ar láithreáin ar cuid iad de choimpléasc scoite, a bhfuil taobh lena chéile nó gar dá chéile, ag féachaint do mholtaí an tseandálaí tionscadail.
7. Bainfear úsáid as an bpróiseas comhairliúcháin a fheidhmíonn an RPA, d'fhonn breathnú ar roghanna ó thaobh bealaigh de agus d'fhonn an próiseas chun teacht ar an mbealach is dealraithí a roghnófar a bharrfheabhsú. Déanfar é seo chun impleachtaí seandálaíochta a chur san áireamh sa phróiseas chun bealach a roghnú.
8. Sonrófar formáid agus caighdeán na dtuarascálacha ar gá a thabhairt ar láimh.
9. Déanfar athbhreithniú a shocrú ar chleachtais agus riachtanais a bhaineann le hullmhú tuarascálacha iarthochailte.



## Aguisín I

### Ról an tSeandálaithe Tionscadail i scéimeanna Iarnróid Sráide agus Metro

Mar chuid den Chód Cleachtais, aontaíonn an RPA go gceapfaidh sé seandálaí tionscadail do scéimeanna iarnróid sráide agus metro a mbeidh Measúnacht Tionchair Timpeallachta (MTT) reachtúil á déanamh orthu.

### An seandálaí tionscadail:

1. Fostófar é nó í ag an RPA.

2. Oibreoidh sé nó sí i ndlúth-theagmháil leis na hinnealtóirí comhairleacha chun na bealaí a roghnú (réamhphleanáil), d'fhonn ionchur a dhéanamh i roghnú an bhealaigh agus le féachaint leis an tionchar ar láithreáin seandálaíochta aitheanta nó ceantair ar eol acmhainn seandálaíochta a bheith iontu a íoslaghdú.

3. Ullmhóidh sé nó sí an tsonraíocht don seandálaí comhairleach ag an tréimhse MTT agus cinnteoidh sé nó sí go ndéanfar an réamhobair seandálaíochta uile (staidéar deisce, obair allamuigh, trinseáil tástála, aer-ghrianghrafadóireacht agus, más gá, suirbhéireacht gheoifisiceach, srl.) don MTT de réir an chleachtais is fearr.

4. Cinnteoidh sé nó sí go mbeidh na moltaí MTT agus maolaithe de réir na gcleachtas agus na mbeartas is fearr, mar a shocraítear faoin Roinn.

5. Beidh freagracht air nó uirthi a chinntiú go bhfuil na hiarratais ar cheadúnais tochailte agus ar thoiliú an Aire in ord roimh iad a bheith curtha faoi bhráid na Roinne. Aon iarratas ar thoiliú an Aire, caithfidh sé an séadchomhartha i gceist a shonrú go soiléir agus tuairisc iomlán a chur ar fáil ar an obair a bheartaítear. Nuair is gá tochailt seandálaíochta a dhéanamh, caithfear ráiteas modha a bheith istigh leis an iarratas. Sonróidh an ráiteas modha an bealach ina ndéanfar an tochailt mar aon leis na hamscálaí le haghaidh thaifeadadh na láithreán a chríochnú.
6. Beidh sé nó sí freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar iompar na tochailte seandálaíochta d'fhonn a chinntiú go ndéanfar an obair de réir na gcoinníollacha agus laistigh de na hamscálaí a aontaíodh.
7. Aon athruithe a mholtar do na ráitis modha, cuirfidh an seandálaí tionscadail faoi bhráid na Roinne iad lena bhfaomhadh.
8. Cinnteoidh sé nó sí go ndéanfar aon mhaolú nó tochailt seandálaíochta a dhéantar de réir caighdeáin a bheidh inghlactha don Aire.
9. Deimhneoidh sé nó sí na costais seandálaíochta uile.
10. Fógróidh sé nó sí deireadh na tochailte don Roinn.
11. Cinnteoidh sé nó sí go bhfuil cineál agus caighdeán na dtuarascálacha tochailte chun sástachta an Aire agus go dtabharfar ar láimh iad laistigh den amscála a aontaíodh.



## Aguisín II

# An Gaol idir an Seandálaí Tionscadail agus an Seandálaí Comhairleach i Stiúradh Oibreacha Seandálaíochta

1. Beidh freagracht ar an seandálaí tionscadail agus an seandálaí comhairleach araon as cinntiú go ndéanfar taifeadadh ar láithreáin atá á dtochailt chun sástachta an Aire agus ar bhealach a fhreagraíonn do chuspóir tarrthála na tochailte. Soláthróidh an seandálaí tionscadail tuarascálacha rialta ar dhul chun cinn na hoibre seandálaíochta don Roinn. Gabhfaidh an seandálaí tionscadail i dteagmháil leis an seandálaí comhairleach le cinntiú go gcuirfear na tuarascálacha iomchuí faoi bhráid na Roinne de réir choinníollacha an cheadúnais nó coinníollacha thoiliú an Aire. Is é an seandálaí tionscadail a chuirfidh na tuarascálacha seo faoi bhráid na Roinne.

2. I gcás aighnis idir an seandálaí tionscadail agus an seandálaí comhairleach maidir le hiompar na tochailte, is í an Roinn a dhéanfaidh é a shocrú. Beifear ag súil go leanfaidh seandálaithe comhairleacha treoracha an tseandálaí tionscadail agus níor chóir achomhairc a dhéanamh chuig an Roinn ach i gcásanna ina bhfuil ábhar substaintiúil imní ag an seandálaí comhairleach nach bhfuiltear ag cloí le caighdeáin inghlactha tochailte nó taifeadta. Is é an seandálaí tionscadail a bheidh freagrach as an gclár seandálaíochta comhaontaithe a bhainistiú agus ní bheidh an Roinn ag súil le baint a bheith aici leis ó lá go lá. I gcás nach gcomhlíonann seandálaí comhairleach an ráiteas modha nó treoracha bailí ón seandálaí tionscadail, d'fhéadfaí an ceadúnas nó toiliú an Aire a tharraingt siar.

